



Gaeltacht UCD

UCD Global Centre for Irish Language & Culture

www.ucd.ie/irish/ga/

Soláthar Speisialta chun Tacú leis an nGaeilge



Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí
Meán Fómhair 2024 – Lúnasa 2025

*Ilionstraimí Éanna Ó Casaide, ón mbanna Éireannach Burnchurch,
a sheinn ag Féile na Fuaime 2025, in UCD*



Mic léinn ó Ollscoil Princeton, USA a ghlac páirt i Scoil Samhraidh Ghaeltacht UCD 2025.

Tionscadal 1: Foghlaim don Saol

Cúrsaí Gaeilge do Mhic Léinn agus d’Fhostaithe UCD
An Fhoghlaim Teanga Taobh Amuigh den Seomra Ranga: Ceardlanna Teanga,
Imeachtaí Sóisialta & Cultúrtha

Tionscadal 2: Eispéireas Mhic Léinn UCD

Scéim Chónaithe Scoláireachta Gaeilge UCD, ‘Teach na Gaeilge’

Tionscadal 3: Ag cur na Gaeilge chun cinn ar fud na hOllscoile

Ag tacú le Comhlíonadh na Reachtaíochta Gaeilge

Tionscadal 4: Ag Forbairt Rannpháirtíochta ar fud

Oileán na hÉireann

Rannpháirtíocht Áitiúil
Rannpháirtíocht Náisiúnta
Gníomhaíochtaí Promóisin

Tionscadal 5: Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta Fréamh Éireannach, Raon Domhanda

Scoil Samhraidh Gaeilge Idirnáisiúnta Ghaeltacht UCD
Ghaeltacht UCD/Una Europa
Comhoibriú Chomhcholáistí UCD sa tSín

Tacaíocht Ollscoile

Conclúid

2

4

14

20

28

34

36

Forléargas

Cuireann Gaeltacht UCD, Ionad Domhanda UCD don Teanga agus don Chultúr, an teanga agus an cultúr a bhaineann leis chun cinn go gníomhach. Cé go bhfuil an Ghaeilge ar theanga amháin de dhá theanga oifigiúil na hÉireann, is mionteanga í go fóill, agus tá a caomhnú ríthábhachtach le hinbhuanaitheacht chultúrtha agus theangeolaíochta a chinntiú ar leibhéal náisiúnta. Lonnaithe in UCD, an ollscoil is mó in Éirinn, imríonn Gaeltacht UCD ról tábhachtach i gcaomhnú teanga, ag nascadh na bearna idir teanga an bhaile, na scoile agus an pháirc imeartha leis an teanga sna gairmeacha agus sa sochaí go ginearálta. Is difreálaí ar leith í an teanga Ghaeilge do UCD; tá an-tóir ag teacht ar an gcultúr a bhaineann leis ar fud an domhain agus cuireann tionscnaimh Ghaeltacht UCD go mór le tionchar domhanda na hollscoile maidir leis seo, ‘ag tarraingt an chuid is fearr den domhan go hÉirinn, agus ag taispeáint

an chuid is fearr d’Éire, a cultúir ar leith ina measc, don domhan’, (Stráitéis Chaidreamh UCD ar Fud na Cruinne 2021-’24). I measc éachtaí suntasacha in 2024-’25 bhí cumasú mac léinn agus fostaithe UCD, trí hoiliúint na Gaeilge a chur ar fáil, agus trí rannpháirtíocht, nuálaíocht agus cruthaitheacht na mac léinn a chothú; ag forbairt tacaíocht a bhain le cearta agus oibleagáidí na Gaeilge; agus ag neartú caidrimh trí chláracha cultúrtha a chur ar fáil le páirtnéirí UCD go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Bhí an t-Ionad sásta leis an méadú a tháinig ar an rannpháirtíocht ina ghníomhaíochtaí agus leis an aiseolas dearfach a fuair sé. Trí na tionscnaimh 2024-’25 a chur i gcrích bhain Gaeltacht UCD sult as a bheith ag obair le hiomaí comhghleacaí in UCD, agus páirtithe sa mhórfhobal Gaeilge, agus chuir gach duine díobh lena rath.

Foghlaim don Saol

Cúrsaí Gaeilge do Mhic Léinn agus d’Fhostaithe UCD

Cúrsaí Gaeilge


Ghlac mic léinn agus fostaithe UCD, idir bhaill foirne acadúla agus gairmiúla, páirt i gcúrsaí Gaeilge Ghaeltacht UCD in 2024-2025. Chuir an t-aonad cúrsaí Gaeilge ar fáil ag 5 leibhéal i gcomhréir le Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFL), leibhéil A1 go B2. Rinneadh tairiscint ar chúrsa 10 seachtaine i dtrimeastar 1 agus cúrsa 8 seachtaine i dtrimeastar 2. Bhí na ranganna ar siúl dhá thráthnóna in aghaidh na seachtaine. Tháinig méadú ar thairiscintí an ionaid in 2025 nuair a bhí dhá rang breise ar siúl ag leibhéil A1 agus B1 i gcomhpháirt le Clárann UCD.

Dheimhnigh scrúdú ar líne Ghaeltacht UCD go raibh a fhoghlaimoirí curtha ar leibhéal cuí ag brath ar a riachtanas. I measc na bhFoghlaimoirí Teanga bhí fostaithe agus mic léinn araon agus bhí an-chuid rannpháirtíochta ó phobal domhanda na hOllscoile. Mar thoradh ar an gcaidreamh dearfach idir foghlaimoirí, neartaíodh pobal Gaeilge UCD, tugadh deis do mhic léinn ar cuairt agus mic léinn mhalairte imeascadh, agus spreagadh rannpháirtíocht idir na mic léinn, an fhoireann teagaisc, agus an fhoireann ghairmiúil. Bhí an t-aiseolas ó na cúrsaí dearfach agus tá cuid mhaith de na fostaithe cláraithe cheana féin do thairiscintí 2025-2026.


Chláraigh breis is 397 foghlaimoir le Gaeltacht UCD ar champas Belfield ó mhí Mheán Fómhair 2024 go Mí an Mheithimh 2025; Chláraigh 289 mac léinn agus fostaithe do chúrsaí oíche, 24 le Clárann, agus d’fhreastal 84 ar an scoil samhraidh Gaeilge aon tseachtain. Chláraigh 123 duine breise do na ceardlanna cultúrtha Gaeilge agus dátheangacha i rith na bliana. Chomh maith le 397 mac léinn a bhí cláraithe ar Champas Belfield, ghlac breis agus 250 mac léinn páirt i gceardlanna Gaeilge agus cultúrtha i gComhcholaíste UCD, Coláiste Idirnáisiúnta Beijing Baile Átha Cliath. Thug an cúrsa áirithe seo (a bhí maoinithe taobh amuigh de thionscnamh maoiniú spriocdhírithe an HEA) an deis do mhic léinn a bhí cláraithe le UCD idirnáisiúnú sa bhaile a chleachtadh in ollscoil de chomhcholaistí UCD.

Bhí tóir ar leith ar chúrsaí oíche Ghaeltacht UCD ag leibhéal A1 i measc na mac léinn idirnáisiúnta agus na mball foirne idirnáisiúnta, arb ionann iad agus 53.7% díobh siúd a chláraigh. Mheall Scoil Samhraidh Gaeilge Idirnáisiúnta 2025 céatadán ard do mheánfhoghlaimoirí/ardfhoghlaimoirí; Bhí 59% de na rannpháirtithe sa dá leibhéal ranga is airde. D’fhostaigh Gaeltacht UCD 14 teagascóir cáilithe ar bhonn páirtaimseartha le linn na bliana; 8 dteagascóir chun soláthar chúrsaí oíche an Lárionaid a éascú agus 6 teagascóir sa bhreis dá scoil samhraidh, chomh maith le roinnt teagascóirí ionadacha.

Cúrsaí Gaeilge 2024-25



Foghlaimoirí Gaeilge Cláraithe 2020-2025



Ba dhúshlán ag leibhéal náisiúnta é teagascóirí Gaeilge a earcú agus bhí an t-ionad sásta foireann iontach de theagascóirí deimhnithe a bhfuil taithí acu ar an oideachas aosach a choinneáil agus a earcú. I measc rannpháirtithe 2024-2025, bhí ionadaíocht ó Choláistí uile UCD agus raon leathan aonad gairmiúla, lena n-áirítear mic léinn fochéime agus mic léinn iarchéime, foireann acadúil agus foireann ghairmiúil. Ní raibh deis ag roinnt mhaith foghlaimoirí an Ghaeilge a fhoghlaim roimhe seo toisc go raibh cónaí orthu i ndlínse eile amhail Tuaisceart

Éireann nó bhí díolúine acu ón nGaeilge a fhoghlaim le linn dóibh freastail ar scoil i bPoblacht na hÉireann. Bhí cuid mhaith de na foghlaimoirí idirnáisiúnta dátheangach nó ilteangach, agus is díol suntais é go raibh cur amach acu siúd a bhí aonteangach (Mic léinn ó SAM a labhraíonn Béarla, mar shampla) ar theanga oidhreacht. Luaigh an-chuid foghlaimoirí gur deis iontach ab ea na ranganna chun léargas breise a fháil ar chultúr na hÉireann chomh maith le deis chun bualadh le mic léinn Éireannacha agus idirnáisiúnta go sóisialta.

Teastas Eorpach na Gaeilge

Cuirtear cúrsaí teanga Ghaeltacht UCD ar fáil ag leibhéal A1, A2, B1 agus B2, leibhéal a thagann le Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR). Uasdátaíonn an t-Ionad a áiseanna foghlama ar bhonn leanúnach, agus tugtar tús áite do na cúrsaí leis an gclárúchán is airde, ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil. De bhreis ar na hoibleagáidí dlíthiúla a cuireadh ar an earnáil phoiblí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021; agus an gá le hinniúlacht sa Ghaeilge i measc fostaithe a mhéadú, bhíothas ag súil go mbeadh éileamh sa bhreis ar dheimhniú scileanna Gaeilge. In 2021, i ndúil an éilimh seo, dhearaigh an t-Ionad cúrsa ullmhúcháin do scrúdú Theastas Eorpach na Gaeilge B1 (Teastas Eorpach na Gaeilge, B1). Mar chuid de na hacmhainní nua seo, bhí taifeadtaí digiteacha, ábhar

físeáin, agus cleachtaí idirghníomhacha sna 3 mhórchanúint. I dtaca le cur i bhfeidhm an chúrsa nua B1, léirigh aiseolas na bhfoghlaimoirí gá le níos mó dian-ullmhúcháin ag leibhéal A2 agus dearaíodh agus reáchtáladh ábhair do chúrsa nua ag an leibhéal seo 2024-2025. I dtaca leis an bPlean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge a fhoilsiú i mí Dheireadh Fómhair 2024, agus na treoirlínte a lean é agus atá le foilsiú faoi Nollaig '25, tá ardaidhm ag fostaithe UCD le seirbhís níos fearr trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil. Beidh leibhéal líofachta de dhíth arb ionann é agus leibhéal B2 i roinnt ábhar laistigh den Ollscoil. Cuireadh tús le taighde ar chúrsa nua in 2024-'25 le 20 aonad ag leibhéal B2 a ullmhú. Cuirfear tús le cúrsa nua B2 a fhorbairt in 2025-'26 atá dearaithe go speisialta d'fhostaithe UCD agus tacóidh ciste straitéiseach 2030 na hOllscoile leis.



Aislinn Cox, Comhordaitheoir Tionscadal na Gaeilge Ghaeltacht UCD



"...bhí an fhormaidí iontach fóirsteanach dom. D'fhiosraigh muid saibhreas na teanga, agus spreag Ciara [an teagascóir] na mic léinn ábhair le fiosrú a mholadh. D'fhoghlaim mé cuid mhór - bhí gach seachtain cosúil le stór iontach focal dearmadta a oscailt. Tá fíor-ghrá agam anois don teanga, dá fuaimeanna, agus dá bunús."

Catherine Bodey, Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD

Foghlaim Teanga taobh amuigh den Seomra Ranga- Ceardlanna teanga, Imeachtaí Sóisialta agus Cultúrtha.

<https://www.ucd.ie/irish/ga/cultur/>

Chomh maith leis na cúrsaí teanga struchtúrtha atá aici, cuireann Gaeltacht UCD deiseanna ar fáil dá foghlaimoirí foghlaim faoin teanga agus/nó an teanga a úsáid taobh amuigh den seomra ranga. I measc ghníomhaíochtaí 2024-'25 bhí cur i láthair, agus ceardlanna teanga, ceoil, amhránaíocht agus ceird traidisiúnta. Rinneadh éascaíocht ar ghníomhaíochtaí go dátheangach nó trí mheán na Gaeilge. Ó Mheán Fómhair go hAibreán 2024-2025 bhí deis ag mic léinn agus fostaithe freastail ar chur i láthair faoin Ghaeilge, ceardlanna feadóg stáin, ceardlann ar Chros Bhríde a dhéanamh, chomh maith le ceardlanna ar dhamhsa ar an sean-nós, céilí, amhránaíocht i nGaeilge agus amhránaíocht traidisiúnta. Bhí béim ar leith ar imeachtaí comhchuraclaim a d'eagraigh Aontas na Mac Léinn UCD, Cumann Gaelach UCD agus Gaeltacht UCD i Seachtain Dhomhanda na Gaeilge a bhí ar siúl i mí an Mhárta, 2025. Tá samplaí de roinnt de na gníomhaíochtaí seo leagtha amach sa tuarascáil seo faoi Thionscadail 2 agus 3. Rinneadh na gníomhaíochtaí seo a fhógairt go fairsing laistigh de UCD ag tús gach trimeastar, ar nuachtlitreacha leictreonacha UCD, ríomhscáileáin, ar mheáin na mac léinn, ar ardán Workvivo UCD agus ar an láthair trí thob-bhothanna uainíochta ar fud an champais.

Cur i láthair agus ceardlanna ar an nGaeilge agus an Cultúr a bhaineann léi

Is mic léinn idirnáisiúnta iad 11,000 den 34,325 mac léinn atá cláraithe ar champas UCD in Éirinn. Mar an gcéanna, is fostaithe idirnáisiúnta iad 1,625 de na 4,321 fostaithe reatha UCD. Bíonn cuid mhaith de na mic léinn atá lonnaithe ar champas Belfield in Éirinn den chéad uair agus ní bhíonn aon taithí acu ar an nGaeilge roimhe seo. I gcomhar le UCD ar fud na Cruinne, cuireann Gaeltacht UCD ceardlanna tosaigh trí Ghaeilge ar fáil don ghrúpa sin agus tugtar 'My First Gaeilge'; ar na ceardlanna sin. Cuireadh ceardlanna ar fáil i mblíana ar an 25 Meán Fómhair 2024 agus arís ar an 15 Eanáir 2025. Bhí sé mar 'réamhbhlaiseadh' do mhic léinn, cuid acu a bhí spreagtha le clárú do chúrsaí oíche Ghaeltacht UCD. Chomh maith leis na seisiúin seo, iarradh ar an ionad roinnt saincheardlann a chur ar fáil ar nós ceardlann do ghrúpa ar cuairt ó Ollscoil Fribourg, An Eilvéis, ar an 2 Meán Fómhair 2024 agus d'eagraigh Gaeltacht UCD clár gairid cultúrtha do 15 mac léinn staire in éineacht leis an taighdeoir Thomas Lau agus an tOllamh Vitus Huber a bhí leo. Mar chuid den chlár bhí spleachadh ar an nGaeilge, béaloideas na hÉireann agus amhránaíocht na hÉireann. I measc ceardlanna eile a tugadh, bhí péire díobh ann i rith Sheachtain Dhomhanda UCD ar an nGaeilge agus amhránaíocht na hÉireann, ar an 24 agus 25 Meán Fómhair. Ba mhór an onóir don ionad cur i láthair a dhéanamh ar an



Ceardlann damhsa Gaelach ar champas Belfield leis an teagascóir Caoimhe Ní Mhaolagáin



Éascaíonn Scoláirí Ghaeltacht UCD Ceardlann Chrosóg Bhríde

teanga os comhair mic léinn idirnáisiúnta sna scoileanna/ ionaid seo a leanas: Institiúid Confucius, 13 Meán Fómhair '24, UCD ar fud na Cruinne, 5 Eanáir '25, Scoil Ghnó Lochlann Uí Choinn UCD, 5 Feabhra '25 agus Scoil Smurfit UCD, 31 Márta '25. Bhí cur i láthair ag Gaeiltacht UCD ag gach ceann de na 5 Chlár ionductaithe a chuir Forbairt Foirne, Rannóg na n-Acmhainní Daonna UCD, ar fáil, agus ghlac siad páirt i maidineacha caife faoi choinne bhaill foirne nua sa chlár céanna. Chuir Oifigeach Pleanála Gaeilge an Ionaid seisiúin ar leith ar fáil ar riachtanais reachtacha na Gaeilge, ó Mheán Fómhair '24 go Bealtaine '25, le mionsonraí ina thaobh faoi Thionscadal 3.

Chomh maith le mic léinn idirnáisiúnta atá cláraithe ar champais UCD in Éireann, tá breis agus 5,000 mac léinn eile cláraithe ar champais thar lear. Ó 2019 ar aghaidh chuir Gaeiltacht UCD deiseanna ar fáil ionas go mbeadh cuid de na mic léinn seo in ann a bheith rannpháirteach sa Ghaeilge agus sa chultúr. In 2025 dhearaigh sé agus thug sé sainchúrsa cultúrtha aon tseachtain sa Ghaeilge, i spórt, damhsa agus ceol, i gcomhar le Comhcholáistí UCD sa tSín. Tugadh an cúrsa i gColáiste Idirnáisiúnta Beijing-Baile Átha Cliath (BDIC), 21-25 Aibreán '25, agus tá mionsonraí ina thaobh faoi Thionscadal 5 sa tuarascáil seo.

Café na Nollag agus Lón Sheachtain na Gaeilge/Christmas Coffee & Irish Language Lunch faoi choinne Fostaithe UCD

Tá fostaithe UCD lárnach maidir le seirbhísí sa Ghaeilge a chur ar fáil agus spreagann Gaeiltacht UCD úsáid na Gaeilge taobh amuigh dá cúrsaí teanga foirmiúla. I dtrimeastar 1. Café na Nollag, bhí maidin caife le Gaeilge ann, 12 Nollaig '24 agus i dtrimeastair 2. 12 Feabhra, Lón le Gaeilge, lón neamhfhoirmiúil le Gaeilge. Eagraíodh Lón le Gaeilge in éineacht le Clárann UCD agus TradSoc UCD. Maidir leis an ngníomhaíocht, lean Clárann UCD ar aghaidh le Lón le Gaeilge neamhfhoirmiúil a eagrú ar bhonn míosúil in Áras Uí Thiarnaigh. I bhfianaise na ndualgas breise atá curtha ar UCD faoin reachtaíocht is déanaí agus an ghá atá le fostaithe a bheith rannpháirteach sa teanga, tá Gaeiltacht UCD ag tnúth le tús a chur le tionscnaimh agus/nó comhoibriú ar thionscnaimh atá cosúil lena chéile chun úsáid na teanga a éascú i dtimpeallacht réchúiseach, neamhfhoirmiúil sa bhliain atá le teacht.

Ceardlann Fhéile Naomh Bríde do Mhic Léinn agus d'Fhostaithe UCD

Déantar féile dhuine de naoimh náisiúnta na hÉireann, Naomh Bríd a cheiliúradh mar lá saoire náisiúnta in Éirinn agus tugann sé deis do dhaoine gnéithe de bhéaloideas agus de thraidisiún na hÉireann a roinnt go domhanda. Fógraíodh in 2024 go n-aithníonn an Stát déanamh Chrosóg Bhríde mar chuid d'oidhreacht chultúrtha do bhráite na hÉireann agus ó shin tá an-tóir tagtha ar an gceird traidisiúnta seo. Ar an 30 Eanáir, 2025, reáchtáil mic léinn agus baill foirne Gaeiltacht UCD ceardlann ar chrosóg Bhríde i dTolglann Domhanda UCD. B'éascaitheoirí iad mic léinn Theach na Gaeilge UCD (scoláirí scéim chónaithe Gaeiltacht UCD), atá ina mbundúchasaigh ó Ghaeltachtaí éagsúla, agus roinn siad na nósanna a bhaineann leis an bhféile seo, téarmaíocht na Gaeilge a úsáidtear, agus stíl na gcrosóg Bhríde a déantar ina gceantair ar leith. D'oibrigh Gaeiltacht UCD lena scoláirí a bhailigh luachair ón tuath roimh ré, a chur i láthair an béaloideas a bhaineann le lá na féile agus a léirigh an dóigh le crosóg a dhéanamh. Tharraing an ócáid cohórt an-éagsúil; mic léinn fóchéime agus iarchéime, mic léinn aosta agus fostaithe. Bhí mic léinn ón Eoraip, Ceanada, an SAM, An Índ, An Astráil agus an tSín ar chuid de na mic léinn ar cuairt agus mic léinn malairte. Mar thoradh ar an méid suime a cuireadh ann agus ar rath na gníomhaíochta seo tá sé beartaithe cur leis an ábhar seo agus é a chur san áireamh i gclár cultúrtha 2025-'26 Gaeiltacht UCD, Cultúr le Chéile.

Na hEalaíona Traidisiúnta - Ceardlanna Cultúrtha

Is minic go bhfaigheann foghlaimoirí eolas agus meas ar an nGaeilge trí na healaíona traidisiúnta. Tá Gaeiltacht UCD tiomanta ar na gnéithe sin den chultúr Éireannach a bhaineann leis an teanga a chaomhnú agus a chleachtadh. In 2024-'25 chuir Gaeiltacht UCD ceardlanna damhsa dátheangacha ar fáil i gcomhar le UCD ar fud na Cruinne le linn ionductú na mac léinn i mí Mheán Fómhair '24 agus i mí Eanáir '25 agus arís le linn Sheachtain na Gaeilge/ Sheachtain Dhomhanda na Gaeilge, i mí an Mhárta '25. Cuireadh ceardlanna ar an bhfeadóg stáin, ar an sean-nós agus ar dhamhsa agus amhránaíocht thraidisiúnta ar fáil i dtrimeastar 1 agus 2. Cuireadh cuid díobh ar fáil mar chuid de sceideal chúrsa teanga Gaeiltacht UCD, ach d'iarr grúpaí a bhí ar cuairt nó scoileanna acadúla eile na cinn eile. Is iad teagascóirí Gaeiltacht UCD agus/nó ealaíontóirí seachtracha ón mórphobal Gaeilge a chuir na ceardlanna ar fáil.



Cúrsa ionductaithe, Cuid 3, 2025: Scoláirí Ghaeltacht UCD, alumnaí agus foireann Ghaeltacht UCD

Eispéireas Mhic Léinn UCD

Scéim Chónaithe Scoláireachta Gaeilge UCD, Teach na Gaeilge 2024-2025

Bhí ról tábhachtach i dtraschur na Gaeilge ag Teach na Gaeilge UCD, scéim chónaithe na Gaeilge do mhic léinn san Ollscoil thar na 25 bliain atá caite agus is eiseamláir é ar a bhfuil scéimeanna cónaithe eile do mhic léinn in ollscoileanna eile in Éirinn bunaithe. Is é an eiseamláir é chomh maith ar ar bunaíodh Tigh na Gàidhlig, scéim chónaithe Ghaeilge na hAlban in Ollscoil Ghlaschú. Bíonn ról lárnach go fóill ag alumnaí Theach na Gaeilge UCD i gcur chun cinn na teanga go náisiúnta. Coinníonn roinnt mhaith de na halumnaí seo ó chúlaí ina raibh Gaeilge mar theanga dúchais nó teanga neamhdhúchais, an cairdeas a rinneadh ag an tús i bpobal na Gaeilge in UCD; oibríonn cuid acu laistigh de rannóg na Gaeilge ach ag an am céanna bíonn ról lárnach ag cuid acu i gcur chun cinn na teanga, ar bhonn deonach. Cuireann Gaeltacht UCD na scoláirí seo ag croílár a cuid gníomhaíochtaí. In 2024-'25 lean mic léinn ón scéim seo le húsáid na teanga a chur chun cinn i measc a gcomhpháirtithe agus déanann siad ionadaíocht don Ollscoil sa mhórphobal Gaeilge.

Gníomhaíocht maidir le Scéim na Scoláireachta Cónaithe agus Comórtas 2024-'25

Fógraíodh 24 scoláireacht Theach na Gaeilge UCD don bhliain 2024-2025 i Márta 2024 i meánscoileanna ar fud na tíre (32 contae). Fógraíodh na scoláireachtaí chomh maith sna meáin Ghaeilge Tuirisc.ie, ar na meáin shóisialta; Instagram, X, Facebook, Mastodon, LinkedIn agus Bluesky, ar shuíomh gréasáin Scoláireachtaí UCD <https://www.ucd.ie/students/scholarships/prospectiveundergraduatestudents/> agus ar shuíomh gréasáin Ghaeltacht UCD <https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonnaithe/scolaireachtaí/>. Thug Gaeltacht UCD eolas chomh maith do mhic léinn a mbeadh speis acu ann ag ócáidí éagsúla inmheánacha agus seachtracha, ag GradsConnect UCD, 24 Meán Fómhair '24, An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, 19 Meán Fómhair '24,

Ardroghanna, 25-27 Meán Fómhair '24, Lá Oscailte UCD, 9 Samhain '24 agus Seimineár Threoirchomhairleoirí UCD, 14 Eanáir '25.

I measc na scoláirí 2024-2025 a roghnaíodh ó iarratas agus ó agallamh, bhí cainteoirí dúchais traidisiúnta (as ceantair Ghaeltachta), cainteoirí dúchais a chónaíonn lasmuigh de na Gaeltachtaí, nuachainteoirí (cainteoirí líofa neamhdhúchasacha as ceantair Ghalltachta), cainteoirí líofa a fuair oideachas lán-Ghaeilge agus cainteoirí líofa a fuair oideachas trí mheán an Bhéarla. I mbliana, rinne scoláirí ionadaíocht don Ollscoil sa phobal Gaeilge ar bhonn náisiúnta agus chuir siad tús le raon leathan tionscadal teanga a raibh cur chun cinn na teanga lasmuigh de phobal na hOllscoile trí chéile mar chuid díobh. Déantar taifead de scoláireacht Ghaeltacht UCD ar thras-scríbhinn acadúil gach mac léinn. Déanann an t-ionad athbhreithniú leanúnach ar eispéireas na mac léinn; Fuarthas aiseolas dearfach ó scoláirí 2024-2025 agus leanadh leis an éileamh ar an gcomórtas in 2025-2026 arís.

Ionduchtú agus Traenáil 2024-'25

Eagraíonn Gaeltacht UCD clár shonracha ionductaithe agus oiliúna trí mheán na Gaeilge dá scoláirí. Reáchtáiltear iad sin roimh thús gach trimeastar agus ar an mbealach



Scoláirí Ghaeltacht UCD: Sorchá Stockman, Iniúchóir Trad Soc UCD, Cáit Ní Leathlobhar, Oifigeach na Gaeilge UCDSU agus Méin Nic Craith, Iniúchóir Chumann Gaelach UCD

sin cinntítear gurb í an Ghaeilge teanga na cumarsáide tosaí i measc na scoláirí rannpháirteacha, i gcomhréir leis an dea-chleachtas i gcaomhnú agus i gcothú na teanga. Cuireann an Cúrsa Ionductaithe seo, ina bhfuil alumnaí agus ionadaithe ó eagraíochtaí seachtracha páirteach ann, go mór le cumarsáid idir na mic léinn scoláireachta iad féin agus idir na mic léinn agus foireann Ghaeltacht UCD. Forbraíonn sé tuiscint na mac léinn ar an dóigh go bhfuil an cumas acu dul i bhfeidhm ar úsáid na teanga laistigh den ollscoil agus sa phobal i gcoitinne. Tugtar eolas do na scoláirí maidir leis na deiseanna atá ar fáil dóibh, na tacaíochtaí atá ar fáil agus maidir lena gcuid dualgas de réir Chonradh na Scéime Cónaithe Ghaeltacht UCD. Measann Gaeltacht UCD gurb é an tionscadal seo an tionscadal is suntasaí ina hobair bolscaireachta ó thaobh teanga de agus an tionscadal is mó tionchair dá dtionscadail ar bhonn náisiúnta.

Áiríodh 2 chúrsa deireadh seachtaine i gclár ionductaithe 2024-2025: bhí an chéad cheann ar siúl 6-8 Meán Fómhair agus an dara ceann ar 14 Meán Fómhair 2024. Bhí an 3ú cúrsa ar siúl sular thosaigh an dara trimeastar, ón 18-19 Eanáir 2025. Áiríodh ceardlanna leis na haíonna seo a leanas in ionductú 2024-2025; Áine Ní Bhreisleáin, iriseoir agus craoltóir, Daithí de Buitléar, tacadóir na Gaeilge, Comhairle Bhaile Átha Cliath, Aisling Ní Dhonecháin ó Raidió Rírá agus Ciarán Mac Fhearghusa, Óga Yoga. Thacaigh baill Scéim Mheantóireachta Theach na Gaeilge, scéim mheantóireachta

Ghaeltacht UCD chomh maith leis an ionductú seo agus chuir alumnas Peadar Ó Lamhna, An Roinn Gnóthaí Eachtracha, ceardlann i láthair ar Gníomhaíochtaí a Stiúradh' agus rinne sé éascaíocht air. Bhí siúlóid i gContae Chill Mhantáin agus ceardlann drámaíochta ar na gníomhaíochtaí neartaithe foirne agus d'éascaigh baill foirne Ghaeltacht UCD an dá cheann acu, chomh maith le comórtas cócaireachta do mhic léinn. Le linn na bliana acadúla, d'éagraigh Gaeltacht UCD cruinnithe bricfeasta rialta leis na 24 mac léinn agus é mar aidhm acu gníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn a phleanáil dá gcomhpháirtithe. Tá alumnais na scéime lárnach do rath an tionscadail seo agus thug cumarsáid le halumnais agus meantóirí Theach na Gaeilge spreagadh do rannpháirtithe nua agus thug siad treoir agus tacaíocht maidir le tionscadal 2024-2025 a chur i bhfeidhm. D'éagraigh mic léinn breis agus 50 gníomhaíocht le linn na bliana, agus bhí a gcomhghleacaithe in ann a gcuid Gaeilge a úsáid go sóisialta ann.

D'oibrigh mic léinn Theach na Gaeilge go dlúth leis an gCumann Gaelach agus le TRadSoc UCD le 'Lón le Gaeilge' a eagrú, lón rialta le bualadh le chéile le Gaeilge a labhairt i Seomra Chaidrimh UCD, Áras Newman, agus d'fhreastail siad ar sheisiúin ceoil rialta a d'óstáil Club Chonradh na Gaeilge. D'fhreastail an mórchuid ar an bhféile náisiúnta Gaeilge agus cultúrtha, Oireachtas na Gaeilge, i gCill Airne, i gContae Chiarraí, i mí na Samhna 2024. Tacaítear le ceannaireacht Mac Léinn laistigh den scéim chónaithe agus bíonn na gníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn faoi stiúir na mac léinn den chuid is mó. In 2024-2025, ba scoláirí de chuid Theach na Gaeilge ab ea iniúchóir An Chumainn Ghaelaigh, Néin Nic Craith agus Oifigeach Gaeilge UCDSU, Kate Lawlor.



Ceoltóirí Trad Soc UCD
ag seisiún ceoil idir-ollscoile i gClub Chonradh na Gaeilge

Scéim Mheantóireachta Theach na Gaeilge, Alumni Mentoring Scheme

<https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaith/meantoiritheachnagaeilge/>

Is é an cuspóir le scéim chónaithe na Gaeilge do mhic léinn UCD ná úsáid leanúnach na teanga a chaomhnú ón oideachas dara leibhéal go dtí an tríú leibhéal, ó theanga an bhaile, na scoile nó an phobail go dtí go bhfuil siad lánaosta nuair is féidir leo an teanga a úsáid i ngníomhaíochtaí gairme nó áineasa. Tá sé fiorthábhachtach cairdeas a shnaidhmeadh trí mheán na Gaeilge, chomh maith le bualadh le raon leathan alumnas ó ghairmeacha lasmuigh den Ollscoil chun úsáid rialta na Gaeilge i measc cheannairí na sochaí sa todhchaí a chinntiú. Is é díreach an fheidhm sin a bhí ag Gaeltacht UCD nuair a bhunaigh sí 'Scéim Mheantóireachta Theach na Gaeilge', a bheidh 9 mbliana ar an bhfód i mbliana. Is é James Knoblauch, alumnas Scoil Ghnó Lochlann UCD an comhordaitheoir meantóra reatha (ról a bhí ag na halumnais Dónal Ó Catháin, Scoil na Síceolaíochta UCD agus Peadar Ó Lamhna, an Scoil Dlí UCD, roimhe seo). Chuir an t-alumnas Aodhán Ó Dea, An Scoil Dlí UCD agus Iar-uachtarán Aontas na Mac Léinn UCD tacaíocht ar leith ar fáil in 2024-'25 leis an tionscadail do mhic léinn 'An Ghaeilge sa Ghnáthsaol' a sheachadadh, a bhfuil eolas ina thaobh faoi Tionscadal 4.

Modúl Creidiúnaithe 2025 i Scileanna Craolta Raidió

Dearadh Modúl Horizons Scileanna Cumarsáide go sonrach do mhic léinn scoláireachta Theach na Gaeilge mar aitheantas ar a nuálaíocht agus a dtiomantas ama do ghníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn. Comhfhiontar is ea an modúl idir Gaeltacht UCD, Gaelchultúr Teoranta, agus an stáisiún raidió náisiúnta Gaeilge, Raidió na Gaeltachta. Is í Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD a dhéanann creidiúnú ar an modúl sin. Cuirtear an modúl ar fáil gach bliain, bhí an ceann ba deireanaí ann i mí Eanáir 2025, agus cuimsíonn sé ardscoil Gaeilge chomh maith le scileanna craoltóireachta praiticiúla. Is féidir le mic léinn creidiúintí a fháil agus ag an am céanna cur lena scileanna cumarsáide agus ceannaireachta. Ba í Rossa Ó Sioradáin ó Raidió na Life, an t-aoichraoltóir i mbliana. Uaslódáiltear podchraoltaí na gclár a chruthaíonn na mic go rialta chuig: <https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaith/scileannacumarsaide/>

Mar scoláirí scéime cónaithe, is minic a bhíonn ról cheannaireachta acu i gcumainn mac léinn. Faigheann siad cuirí go rialta agallaimh a dhéanamh ar Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life agus Raidió Fáilte. Is é ár n-aidhm ná na scileanna a thabhairt do mhic léinn cumarsáid a dhéanamh leis na meáin ina ngairmeacha amach anseo, agus/nó podchraoltaí a chruthú trí mheán na Gaeilge ina sainábhar.

Comórtas 2025-'26

Fógraíodh scoláireachtaí Theach na Gaeilge don bhliain 2025-2026 ar an 1 Márta 2025. Chuir breis is 105 duine isteach ar na scoláireachtaí agus ba mhic léinn ionchais iad 57 acu. Reáchtáladh agallaimh le haghaidh 48 mac léinn leantach (mic léinn dara agus tríú bliain) ar an 1 agus an 2 Bealtaine, agus reáchtáladh agallaimh do 57 mac léinn ionchais ar an 28 agus 30 Bealtaine '25. Roghnaíodh na 24 mac léinn ar an scór is airde do scoláireachtaí agus cruthaíodh liosta feithimh. Tá scoláireachtaí do mhic léinn nua faoi réir thairiscintí CAO, 27 mí Lúnasa '25.

Tionscadail 'Theach na Gaeilge'

<https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaith/tionscnaimhnamacleinn/>

Bíonn ról tábhachtach ag mic léinn Theach na Gaeilge (scoláirí scéim cónaithe UCD) mar ambasadóirí teanga i gcaitheamh na bliana. Agus na mic léinn ag tabhairt faoi chúrsaí céime éagsúla i gcoláistí difriúla de chuid UCD, bíonn siad i riocht maith chun an teanga a scaipeadh ar bhuíon leathan mac léinn. Eagraíonn siad tionscadail nó imeachtaí a chuireann deiseanna ar fáil dá gcomhpháirtithe an teanga a úsáid. D'fhéadadh réimse leathan gníomhaíochtaí bunaithe ar bhuanna agus suimeanna an mhic léinn a bheith san áireamh i dtionscadail Ghaeilge. Tá tionscadail rathúla, cuid acu a reáchtáiltear gach bliain, agus a bhfuil teagmháil leis an bpobal níos leithne mar chuid díobh, ann anois de bharr na saoirse chun obair ar thionscadal a roghnaigh na mic léinn féin agus de bharr na tacaíochta ó Ghaeltacht UCD. Is tosaíocht é do Ghaeltacht UCD le tacú le húsáid leanúnach na teanga i measc cainteoirí dúchasacha agus líofa, mar sin spreagtar go mór imeachtaí ar nós díospóireacht, comórtas cúirt inphléite, craoltóireacht, iriseoireacht nó scríbhneoireacht chruthaitheach. Tacaíonn an t-Ionad le gach gníomhaíocht Ghaeilge do mhic léinn ar champas Belfield agus spreagann sé comhpháirtíocht le réimse leathan cumainn mic léinn agus tionscnaimh Ollscoile.



Gradaim Ghaeltacht UCD 2025, Gradaim na Mac Léinn

<https://www.ucd.ie/irish/ga/ansceimchonaith/gradaimghaeltachtucd/>

Thuig Ghaeltacht UCD gur gá aitheantas a thabhairt d'obair agus do thiomantas mhic léinn, chlubanna agus chumainn do chur chun cinn na teanga, agus mar sin, cuireadh tús le Gradaim Ghaeltacht UCD. Reáchtáladh Gradaim Ghaeltacht UCD 2025 ar an 9 Aibreán '25. I measc na ngradam a bronnadh bhí Ambasadóir Mac Léinn Theach na Gaeilge 2025 a bronnadh ar an mac léinn, Leon Ó Broin, Scoil Ghnó Lochlann UCD. Roghnaítear faighteoirí na ngradam i mballóid mac léinn roimh an imeacht. D'fhreastail scoláirí reatha agus cairde, ionadaithe ó Scéim Mheantóireachta Theach na Gaeilge (scéim mheantóireachta), agus Cathaoirleach an Bhoird Tacaíochta Gaeilge UCD ar an ócáid. Is féidir teastais agus grianghraif de na hócáidí in 2025 agus ócáidí na mblianta roimhe sin a fheiceáil ag an nasc thíos agus ar na meáin shóisialta, Instagram, Twitter (X), LinkedIn, Bluesky agus Facebook.

Gníomhaíochtaí chun an Ghaeilge a Chur Chun Cinn

D'eagraigh mic léinn raon éagsúil imeachtaí ar champas agus lasmuigh de sa bhliain 2024-2025. Ina measc, bhí comórtais spóirt, taispeántais chócaireachta, tionscadail dírithe ar inbhuanaitheacht, tráth na gceist, malartáin teangacha, ceardlanna filíochta, ceardlanna ceardaíochta agus imeachtaí carthanachta ar nós 'Relay for Life' agus 'Darkness into Light' as Gaeilge. I mbliana, d'eagraigh na mic léinn dhá thionscadal mhóra inar ghlac baill den phobal páirt iontu nó/agus gur fhreastail siad orthu, aonach gairmthreorach An Ghaeilge san Ghnáthshaol agus ceolchoirm as Gaeilge Féile na Fuaime, tá eolas faoin dá cheann faoi Tionscadal 4. I measc na ngníomhaíochtaí bhí seo a leanas ann: Rith agus Rant, BÁCáil le Béaloidas, Oíche Cluichí Boird, Cluiche Cúigear an Taobh, Clabaireacht, Maidin Tae le hAgSoc, Díospóireacht Ollscoile, Bál na Gaeilge, Tráth na gCeist, Tae agus Plé.



An tOllamh Iarfhlaith Watson, Cathaoirleach Bhord Tacaíochta Gaeilge UCD ag Bronnadh 2025 in éineacht le baill foirne Ghaeltacht UCD agus scoláirí Theach na Gaeilge 2024-25.

Rannpháirtíocht Mic Léinn lastigh den mhórphobal Gaeilge

Tá lucht labhartha na Gaeilge UCD, baill den Chumann Gaelach agus scoláirí Theach na Gaeilge gníomhach i ngníomhaíochtaí eagraíochtaí Gaeilge ar nós Conradh na Gaeilge agus Oireachtas na Gaeilge. I measc na n-imeachtaí a chuir Conradh na Gaeilge ar siúl in 2024-'25, bhí seisiún oiliúna d'iniúcháirí cumann agus seisiún oiliúna do thionscnóirí teanga Gníomhaí Gaeilge, agus reáchtáladh an dá cheann acu i bpríomhoifig Chonradh na Gaeilge, 4-6 Deireadh Fómhair '24. Ghlac roinnt mac léinn páirt freisin in Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge 21-23 Feabhra 2025, a reáchtáladh i mBaile Loch Garman. Meallann an fhéile Ghaeilge agus chultúir, Oireachtas na Samhna, atá á reáchtáil ag eagraíocht Oireachtas na Gaeilge, suim mhór mac léinn ó UCD gach bliain; ghlac breis is 58 mac léinn ó UCD páirt i bhféile na bliana seo a reáchtáladh i gCill Airne, Co. Chiarraí, i mí na Samhna, 2024. Le linn An Oireachtais, rinne mic léinn UCD ionadaíocht ar son UCD i gComórtas Náisiúnta Díospóireachta idir-ollscoile a reáchtáil Gael-Linn. Ghlac roinnt mac léinn páirt freisin i gcomórtais an Oireachtais sa cheol agus sa scéalaíocht traidisiúnta.



Bronnann an tOllamh Iarfhlaith Watson mac léinn Leon Ó Broin le gradam Ambasadóir an Tí 2025.

Ag cur na Gaeilge chun cinn ar fud na hOllscoile

Ag tacú le Comhlíonadh na Reachtaíochta Gaeilge

Tacaíocht do Reachtaíocht na Gaeilge

Ar bharr ar Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasaithe) 2021, bhunaigh an Ollscoil Coiste Acht na dTeangacha UCD (an Coiste um Acht na dTeangacha Oifigiúla). Is coiste comhairleach ar son fhoireann bainistíochta Ollscoile é An Coiste a thacaíonn le cur i bhfeidhm rialachán trí na páirtithe leasmhara suntasacha laistigh den Ollscoil a thabhairt le chéile. Tugann sé comhairle do Ghaeltacht UCD ar chomhlíonadh rialachán. I Meán Fómhair 2023 cheap Leas Uachtarán Rannpháirtíocht Dhomhanda an tOllamh Regina Uí Chollatáin, Ollamh na Gaeilge agus Príomhoide na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD mar Chathaoirleach agus in 2024 bhunaigh an Ollscoil 2 phost nua laistigh de Ghaeltacht UCD le tacú le planáil agus comhlíonadh teanga: Oifigeach Pleanála Teanga agus Riarthóir le Gaeilge (ceapadh John Prendergast agus Fiachra Ó Coileáin sna ról faoi seach. Ba rud rithabhachtach

é bunú An Choiste agus an dá phost a bhaineann leis i gcur i bhfeidhm rialachán le linn na bliana seo caite. Tháinig An Coiste le chéile 4 huair in 2024-'25: 29 Deireadh Fómhair '24, 3 Nollaig '24, 29 Eanáir '25 agus 6 Bealtaine '25. Tugtar achoimre ar bhallraíocht an choiste sa tábla thíos.

Ba é fócas an Choiste 2024-2025 ná Alt 10A d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasaithe) 2021 a chomhlíonadh. I mí an Mhárta 2025 thug An Coimisinéir Teanga (Oifig an Rialaitheora Gaeilge) cuireadh do UCD sonraí fógraíochta iomlán ollscoile a ullmhú agus a chur isteach de bhun an Ailt seo. D'éascaigh Oifigeach Pleanála Teanga Ghaeltacht UCD an Ollscoil leis na sonraí ábhartha maidir leis seo a chur i dtoll a chéile agus a phróiseáil agus chuir siad isteach iad chuig an gCoimisinéir Teanga ar an 14 Aibreán 2025. Tháinig méadú ar aschur fógraíochta na Gaeilge ó UCD ar thairseach an rialaitheora go 26.2%, ag comhlíonadh an 1 as 5 i soláthair fógraíochta a bhfuil an ceangal dlí air.



Fiachra Ó Coileáin, Riarthóir na Gaeilge le foghlaim na Gaeilge Tony Haberlin

Baill Choiste Acht na dTeangacha UCD 2024-'25

An tOllamh Regina Uí Chollatáin	Cathaoirleach	Príomhoide an Choláiste, Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí
Clár Ní Bhuachalla	Stiúrthóir	Gaeltacht UCD, Ionad Domhanda UCD don Teanga agus don Chultúr
Ciarán Bennett	Bainisteoir Oibríochtaí Eastáit	Seirbhísí Eastáit UCD
Hazel Flynn	Dlíodóir na hOllscoile	Gnóthaí Dlithiúla UCD
Fiachra Ó Coileáin	Riarthóir na Gaeilge	Gaeltacht UCD, Ionad Domhanda UCD don Teanga agus don Chultúr
Hanna Laitinen	Oifigeach Tionscadail Straitéiseacha	Rúnaíocht na hOllscoile
Madeleine Ó Floinn	Oifigeach Réadmhaoin Dlithiúil agus Intleachtúil	Gnóthaí Dlithiúla UCD
Steven Kelly	Bainisteoir Tacaíochta um Acmhainní a Chur ar Fáil	Acmhainní Daonna UCD
Janet Collins	Bainisteoir Tionscadail Sinsearach	Seirbhísí TF UCD - Grúpa Iarratais Fiontair
An tOllamh Dolores O'Riordan	An Leas-Uachtarán do Chaidreamh Domhanda	Rannpháirtíocht UCD Ar Fud na Cruinne
Éamonn Ó Mealóid	Tacaíocht Dheasc na Mac Léinn	Clárann UCD - Oibríochtaí Custaiméara & Curaclaim
Niamh Boyle	Bainisteoir Margaíochta – Branda agus Cáil	Caidreamh Ollscoile UCD
John Prendergast	Oifigeach Pleanála Teanga	Gaeltacht UCD, Ionad Domhanda UCD don Teanga agus don Chultúr

Foghlaim Gaeilge

Learn Irish

Bain cáilíocht amháin

Gain a qualification

Faigh blaiseadh den chultúr

Experience the culture

Thacaigh an tOifigeach Pleanála Teanga agus an Riarthóir Gaeilge leis an gCoiste le linn na bliana, mar chuid de seo bhí cáipéisíocht le hullmhú le cur isteach chuig cruinnithe Fhoireann bainistíochta na hOllscoile, bhí taighde le déanamh ar Phlean Feidhmithe do Straitéis Gaeilge agus áiseanna le cur le chéile d'ionaid UCD (bunachar sonraí d'ionaid meán na Gaeilge, frásaí atá in úsáid go minic etc.)

Ó Mhí Mheán Fómhair '24 go Mí Aibreán 2025, bhí Oifigeach Pleanála Teanga John Prendergast i gceannas ar fheachtas na cumarsáide le feachtas a ardú i measc páirtithe leasmhara inmheánacha faoi dualgais na hOllscoile faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasaithe) 2021 agus le haird a dhíriú ar na tacaíochtaí nua atá ar fáil d'fhostaithe UCD. Mar chuid den fheachtas bhí sraith seimineár eolais a bhí ar fáil do gach fostaí (d'fhreastal 69 fostaí ar an iomlán) agus cruinnithe 1:1 le fostaíte ar a raibh tionchar díreach ag an reachtaíocht ar a gcuid oibre. Ba chuid thábhachtach de phost Oifigeach Pleanála Teanga le linn na tréimhse seo é freastail ar chruinnithe seachtracha agus gníomhaíochtaí a bhain leis, mar fhreastalaí agus nó/mar bhall boird. Thug roinnt eagraíochtaí a raibh suim acu i bhforbairtí dearfacha sa phleanáil teanga a thosaigh UCD, cuireadh don Oifigeach le cur i láthair a dhéanamh le linn na bliana, féach an tábla thíos.



An tOllamh Regina Uí Chollatáin
Cathaoirleach Choiste Acht na dTeangacha UCD



Séamas Ó Concheanainn, Coimisinéir Teanga


Cruinnithe & Cumarsáidí		Líon na ngníomhaíochtaí	Dátaí
Fostaithe UCD (ginearálta)	Seisiúin eolais le fostaíte UCD ar Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasaithe), 2021	3	31 Iúil '24, 28 Lúnasa '24 10 Meán Fómhair '24
Feidhmeannaigh Choláiste UCD	Ealaíona agus Daonnachtaí; Innealtóireacht & Ailtireacht; Sláinte agus Eolaíochtaí Talmhaíochta; Eolaíochtaí Sóisialta agus Dlí; Eolaíocht; Gnó.	6	Meán Fómhair '24 - Feabhra '25
Bainisteoirí Margaíochta UCD	Cruinnithe le Bainisteoirí Margaíochta ó na Coláistí thuas	6	Iúil - Meán Fómhair '24
Oifig an Choimisinéara Teanga	Seisiúin eolais, scairteanna agus soiléiriú maidir leis an Acht	5	Lúnasa '24 - Aibreán '25
Coiste Comhairleach do Sheirbhísí Poiblí na Gaeilge	Coiste Stáit atá freagach as comhairle a chur ar sholáthair seirbhísí as Gaeilge san earnáil phoiblí	6	Deireadh Fómhair '24 - Meitheamh '25
For-rochtain Inmheánach	Leabharlann, Eastáit, TF, Clárann, Caidreamh Ollscoile, Acmhainní Daonna, Taighde UCD, Aontas na Mac Léinn (UCDSU), Cnuasach Bhéaloideas Éireann,	-	Le linn na bliana
Comhdhálacha agus cainteanna le cuireadh tugtha	'BÁC le Gaeilge', 'Ceanga'l, ICUF, An Phríomh-Oifig Staidrimh, Comhairle Aontas na Mac Léinn	-	Le linn na bliana



Cáit Ní Leathlobhar Oifigeach na Gaeilge UCDSU le meantóir Ghaeltacht UCD Peadar Ó Lamhna

Seirbhís Aistriúcháin agus Chomhairleach



Maidir leis an bhfeachtas feasachta thuasluaite i dtaca le cur i bhfeidhm an Ailt 10A d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasaithe) 2021, tháinig méadú ar éileamh ar sheirbhís aistriúcháin an Ionaid. Fuarthas 417 iarratas ar leith aistriúcháin in 2024-2025 faoi choinne próiseáil agus profáil. I measc na n-iarratas, bhí sainchuntais post, fógraí imeachta, comharthaíocht shealadach agus bhuan, poist do na meáin shóisialta, bileoga agus bróisiúir.



D'fhoilsigh an Rialtas Plean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge ar an 9 Deireadh Fómhair 2024. Leanfaidh 2 phlean gnímh atá le foilsiú roimh dheireadh na bliana an plean náisiúnta seo agus tabharfar treoir maidir le níos mó rialachán faoin Acht a chur i bhfeidhm. Cuireann Gaeltacht UCD fáilte roimh an bhforbairt seo agus tá sí ag dúil le soláthair seirbhísí as Gaeilge a mhéadú ar fud na hollscoile.



Aistriúcháin déanta





An tOllamh David Gibbons UCD, Cathaoirleach Acadamh na Lianna le foireann díospóireachta Scoil an Leighis UCD 2025 agus Clár Ní Bhuachalla Stiúrthóir Ghaeltacht UCD

Ag forbairt rannpháirtíochta ar fud Oileán na hÉireann

Rannpháirtíocht Áitiúil

Le linn 2024-2025, bhí Gaeltacht UCD i dteagmháil ghníomhach le scoileanna acadúla eile agus ionaid ghairmiúla laistigh den ollscoil, go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil; chabhraigh sí le gníomhaíochtaí de chuid UCD sa Phobal, Cultúr agus Rannpháirtíocht UCD, UCD ar fud na Cruinne agus Comhionannas Éagsúlacht agus Ionchuimsiú UCD. D'fhoilsigh an Lárionad ailt faoi gníomhaíochta Gaeilge i dtuarascáil bhliantúil 'UCD sa Phobal' agus i ngach foilseachán de chuid Chaidreamh Ollscoile UCD, 'UCD Today'. Bhí ionadaíocht aici ar na coistí agus na grúpaí seo a leanas: Seirbhísí Mac Léinn UCD, Straitéis Teangacha Coiste Feidhmithe UCD, Líonra Fostaithe Ilchultúrtha UCD. Ghlac an t-Ionad páirt i bPobal Cleachtais Comhchuraclaim UCD, agus chuir a mic léinn i láthair é ag an gcéad ócáid seótaispeántas Comhchuraclaim, a d'óstáil Líonra Gairmeacha UCD, 22 Bealtaine '25. Níos faide i gcéin ná Campas Belfield, rinneadh ionadaíocht ar an Ionad ag Roghanna Níos Airde i ndiaidh cuireadh a fháil ó Scoil na Gaeilge, an Léinn



Ionadaithe ó UCD, UG, TCD, ATU agus DCU le chéile in UCD



Jarleth Burnes, Uachtarán CLG le Cormac Ó Dubháine ag 'Aonach na Gaeilge 2025'

Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD agus ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, i ndiaidh cuireadh a fháil ó Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Chothaithe UCD, Meán Fómhair '24.

Rannpháirtíocht Náisiúnta

Tá Gaeltacht UCD i dteagmháil rialta le pobal náisiúnta na Gaeilge. In 2024-2025, d'fhan sí i dteagmháil le, agus chuir sí le boird agus coistí a bhfuil baint acu leis na 6 príomheagraíocht laistigh d'Fhóram Comhpháirtíochta Uile-Oileáin Fhoras na Gaeilge: Glór na nGael, Gael-Linn, Conradh na Gaeilge, Cumann na bhFiann, Gaeloideachas, agus Oireachtas na Gaeilge, Le linn na bliana chuir baill d'fhoireann Ghaeltacht UCD leis na meáin shóisialta Gaeilge; trí pháirt a ghlacadh i gcraoltaí agus agallaimh Raidió na Gaeltachta, TG4 agus Raidió na Life. Chuir an Lárionad ailt nuachta ar fáil do na foilseacháin Tuairisc.ie, Seachtain (Irish Independent), Scéal (Irish Times) agus An Paipéar. Thacaigh Gaeltacht UCD le cruinnithe agus imeachtaí i Saol na Gaeilge lena n-áirítear Oireachtas na Gaeilge agus Seachtain na Gaeilge a seoladh i Mí Eanáir '25 agus a heagraíodh ar fud na tíre i mí an Mhárta 2025. Bhí Stiúrthóir an Ionaid agus a Oifigeach Pleanála Teanga páirteach go ghníomhach leis na 6 príomheagraíocht.

Thacaigh a Stiúrthóir le Gael Linn (ball comhlach boird) agus le Conradh na Gaeilge, (ball Choiste Oideachais/coiste don Ghaeilge san oideachas). Ba bhall é Oifigeach Pleanála Teanga an Ionaid de Choiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge, an coiste comhairleach rialtais ar chur i bhfeidhm riachtanais reachtacha na Gaeilge, agus vótáladh é mar Thánaiste Chonradh na Gaeilge in 2025. D'fhreastail sé chomh maith ar Chomhdháil Pleanáil Teanga 2024 a bhí ag Foras na Gaeilge, 30 Meán Fómhair '24.

Aonach na Gaeilge 2025 (Aonach Gaeilge agus Gairmithe - 'An Ghaeilge sa Ghnáthshaol')

Ar 17 Feabhra 2025, d'eagraigh scoláire Theach na Gaeilge UCD Cormac Ó Dubháine agus a chomhscoláirí Theach na Gaeilge 'An Ghaeilge sa Ghnáthshaol', (Gaeilge sa ghnáthshaol), Aonach Gaeilge do mhic léinn UCD le fostaithe ón bpobal seachtrach Gaeilge. Ba é an dara bliain é den aonach ar chuir Cormac tús leis don chéad uair in 2024. Thug scoláirí Theach na Gaeilge le tacaíocht ó UCDSU, An Cumann Gaelach, Gaeltacht UCD agus Líonra Gairmeacha UCD cuireadh do bhreis agus 40 gnólaht Gaeilge agus institiúid ó 32 contae na

hÉireann chomh maith le Parlaimint AE in Luxembourg seastán a óstáil i Halla Astra UCD. I measc ionadaí UCD bhí Lónra Gairmeacha UCD, Gaeltacht UCD, Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD agus Scoil an Oideachais UCD. I láthair fosta bhí scoileanna ó ollscoileanna éagsúla eile in Éirinn, comhlachtaí poiblí, comhlachtaí príobháideacha, eagraíochtaí meáin, eagraíochtaí aistriúcháin agus clubanna spóirt a bhaineann úsáid as an nGaeilge, féach an liosta thíos. Bhí deis ag na hionadaithe ar na seastáin, ar alumnais UCD cuid mhaith acu, aithne a chur ar fhostaithe ionchais agus/nó ar bhaill ionchais eile. Chomh maith leis na seastáin, bhí painéal plé ar 'Ghairmeacha le Gaeilge' leis na haoíchainteoirí Ollamh UCD Regina Uí Chollatáin, Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge agus Jarleth Burnes, Uachtarán CLG. D'éirigh thar barr le hAonach na Gaeilge 2025; ina dhiaidh bhí roinnt fiosruithe ó eagraíochtaí Gaeilge i dtaca le rannpháirtíocht ag aontai amach anseo. Fuair na mic léinn a stiúir an tionscadal seo tacaíocht iontach ó bhaill foirne i Halla Astra UCD, agus spreag an t-eispéireas dearfach seo iad agus daoine eile chun cur leis an tionscnamh seo sa toadhchá. Ghlac na heagraíochtaí agus na comhlachtaí seo páirt in aonach 2025: Nemeton TV, Glór na nGael, Coimisiún na Meán, Macalla Teo, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, Ógras, GaelGoer, Cumann na bhFiann, Raidió na Life, Gaillimh le Gaeilge, An Garda Síochána, Coláiste Uisce, BÁC le Gaeilge, Conradh na Gaeilge, TG4, Bloc TG4, Raidió RíRá, STAR Translations, Foras na Gaeilge, Gaelchultúr, OPW, Raidió na Gaeltachta, Gael-Linn, Kina, An tSeirbhís Chúirteanna, Ostaí na Rí, Tithe an Oireachtais, Club an Chonradh, Wikipedia, Raidió na Gaeltachta.

Féile na Fuaime – ceiliúradh ar amhránaíocht na Gaeilge

Ar an 20 Feabhra'25, chuir scoláire Scéim Chónaithe Ghaeltacht UCD Leon Ó Brion, mac léinn sa dara bhliain i Scoil an Ghnó Lochlann UCD, tús leis an tionscadal Féile na Fuaime ar ceiliúradh é ar an gceol Gaeilge is fearr agus tá sé oscailte do dhaoine a bhfuil an-tóir ar an gceol acu ar an gcampas agus lasmuigh de. D'eagraigh Leon ceolchoirm in éineacht lena chomh-mhic léinn agus le tacaíocht ó Chumann UCD agus Gaeltacht UCD, a chur fáilte roimh roinnt ceoltóirí atá go mór i mbéal phobal an cheoil go campas Belfield. Mar chuid den cheolchoirm bhí taispeántais ón gCéad Ghlúin Eile, Sibéal Ní Chasaide, Burnchurch, Cumann Damhsa UCD agus Trad Society UCD, agus thug an imeacht deis do bheis agus 300 duine a bhí ag freastal



Na hamhránaithe Étáin agus Máire Ní Churraoin den Chéad Glúin Eile ag Féile na Fuaime 2025.



Baill Burnchurch ag seinm ag Féile na Fuaime 2025



Síofra agus Sibéal Ní Chasaide, ceoltóirí agus amhránaithe ag Féile na Fuaime 2025



Cumann Damhsa UCD

air; mic léinn, agus baill ón bpobal, teacht le chéile agus an Ghaeilge agus an cultúr a cheiliúradh. Tríd an imeacht a eagrú, d'oibrigh Leon agus a chomh-mhic léinn le roinnt ionad UCD agus d'éirigh leo tacaíocht a fháil ó ionaid meáin ar nós Molscéal, BLOC TG4, Raidió na Life agus Raidió Rí-Rá. D'éirigh leis maoiniú a fháil uathu seo a leanas: Electric Picnic, An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, Údarás na Gaeltachta, Dunnes Stores, Talbot Collection Stigh Lorgan, Helios Sauna, Féile na Gealaí, Teach Tábhairne McEvoy Pub Baile Átha Í, Tig Bhric & Grúdlann Chiarraí Thiar, Conradh na Gaeilge, X-LITE Social agus Breedon Group plc. Bhí Féile na Fuaime feiceálach go maith ar na meáin agus léirigh siad an Ghaeilge agus an Cultúr in UCD do lucht féachana leathan.



Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge in UCD, 2025

Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge.

cofg.ie

Bhí Gaeltacht UCD páirteach go gníomhach le Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge (COFG), an Cumann Náisiúnta d'Oifigh Forbartha Gaeilge ó bunaíodh é. In 2024-'25 d'fhreastal sí ar chruinnithe ar líne le linn na bliana agus cruinnithe aghaidh le haghaidh ag Oireachtas na Gaeilge, Samhain 2024 agus a seimineár bliantúil, Bealtaine 2025. D'óstáil Gaeltacht UCD an seimineár Bealtaine dar teideal 'Is fearr cara sa chúirt ná punt sa sparán', i bhfoirgneamh Scoil na nEolaíochtaí Sláinte UCD. D'oibrigh Oifigeach Pleanála Teanga Ghaeltacht UCD John Prendergast go dlúth le baill choiste COFG leis an imeacht seo a eagrú agus d'óstáil siad ceardlann don fhoghrúpa 'Oifigh Gaeilge na hollscoile', ar a bhfuil sé mar cheannaire. Rinne Stiúrthóir Ghaeltacht UCD Clár Ní Bhuachalla cathaoirleacht ar an bpainéal plé ina raibh na cainteoirí seo a leanas páirteach: An tOllamh Regina Uí Chollatáin, Ceann na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD, agus cathaoirleach Fhoras na Gaeilge, John Ó Liodáin, An Roinn Ghnóthaí Eachtracha agus Ciarán Mac Giolla Bhéin, Uachtarán Chonradh na Gaeilge.

In 2024-'25 d'fhreastail gach duine de cheathrar ball Ghaeltacht UCD ar sheimineár ar líne a d'eagraigh an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, an comhlacht Meas Media, Foras na Gaeilge agus an Coimisinéir Teanga, maidir le forbairtí i reachtaíocht Gaeilge, féach Tionscadal 3 sa tuairisc seo.



John Ó Liodáin, Clár Ní Bhuachalla agus an tOllamh Regina Uí Chollatáin ar an bpainéal plé ag Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge in UCD, 2025

Acadamh na Lianna / Cumann na nDochtúirí Leighis le Gaeilge

Is cumann é Acadamh na Lianna de dhochtúirí leighis le Gaeilge. Tháinig an Cathaoirleach reatha an tOllamh David Gibbons UCD i gcomharbacht ar an Ollamh Séamas Bernard Breathnach TCD, in 2024. Is ball gníomhach den chumann é an tOllamh Risteard Ó Laoide UCD. Ar mhaithe le mic léinn fochéime a mhealladh le bheith ina mbaill den ghrúpa seo, thosaigh an tAcadamh comórtas díospóireachta idir-ollscoile in 2022 a d'óstáil Gaeltacht UCD i Seomra Fitzgerald UCD. Ghlac mhic léinn ó UCD agus TCD páirt sa chéad díospóireacht seo agus tá an comórtas ag dul ó neart go neart ó shin. Bhí comórtas 2025 ar siúl i gColáiste Ríoga na Máinlia in Éirinn ar 26 Feabhra '25; Tháinig UCD sa dara háit le RCSI ag teacht sa chéad áit.

Clár Faisnéise TG4, 'Burkitt'

Is minic a iarrtar ar bhaill foirne acadúla UCD a saineolas a roinnt trí na meáin chumarsáide Gaeilge. Sa bhliain 2024, iarradh ar an Ollamh Jonathan Bond de chuid UCD, a d'fhreastail roimhe seo ar ardchúrsaí Gaeilge d'fhostaithe mar chuid de Ghaeltacht UCD, páirt a ghlacadh sa chlár faisnéise TG4 'Burkitt', scannán bunaithe ar shaol an mháinlia Éireannaigh Denis Burkitt a d'aimsigh 'limfóma Burkitt'. Ba é Éanna MacCanna stiúrthóir an scannáin. Tá an tOllamh Bond, Ollamh lánaimseartha le Haemaiteolaíocht Mhóilíneach Phéidiatraiceach i Scoil an Leighis UCD, Córais Bitheolaíochta Éireann, i gceannas ar chlár taighde leoicéime péidiatraiceach idir Bitheolaíocht Córas Éireann in UCD agus an tSeirbhís Náisiúnta Ailse Leanai ag Sláinte Leanai Éireann i gCromghlinn, áit a bhfuil post Haemaiteolaí Comhairleach Oinigh aige freisin. Cuireadh an clár faisnéise "Burkitt" i láthair den chéad uair ag Docs Ireland (Féile Idirnáisiúnta Scannán Faisnéise) i mí an Mheithimh 2024 agus taispeánadh é ar fud na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i mí Feabhra 2025 mar chuid de chamchuairt pictiúrlanna, ollscoileanna agus ionaid Ghaeilge. Bhí an scannán ar taispeáint den chéad uair sna Stáit Aontaithe ag Féile Scannán Capital Irish in Washington D.C. Bhuaigh 'Burkitt' an gradam don 'Scannán Tosaigh is Fearr' ag an 60ú féile Academia Film Olomouc, príomhféile eolaíochta na hEorpa, agus craoladh é ar TG4 ar an 21 Bealtaine 2025. Ba mhór an onóir do Stiúrthóir Ghaeltacht UCD tacú leis an Ollamh Bond agus é ag ullmhú don chraoladh seo.



Aonach na Gaeilge UCD 2025



An tOllamh Jonathan Bond, Córais Bitheolaíochta Éireann

Gníomhaíochtaí Promóisin

Foilseacháin

Foilsíodh ailt ar imeachtaí Ghaeltacht UCD go rialta i bhfoilseacháin inmheánacha UCD; i UCD Today <http://www.ucd.ie/ucdtoday/> agus i Ríomhíris d'Alumnais UCD <https://alumni.ucd.ie/magazine-archive/>. Cuireadh fógraí go rialta i bhFéilire na n-Imeachtaí UCD ar ardán sóisialta UCD Workvivo. Luadh gníomhaíochtaí an Ionaí sna meáin dhigiteacha Ghaeilge, i bhfoilseacháin Ghaeilge, Peig.ie agus Tuairisc.ie. agus sa chlár clóite d'Oireachtas na Samhna 2024. Foilsíodh fógraí le haghaidh cúrsaí teanga agus scéim scoláireachta cónaithe na hOllscoile ar mheáin mhic léinn UCD, in UCD Observer agus in UCD College Tribune agus foilsíodh a scoil samhraidh ar Scéal, forlíonadh seachtainiúil san Irish Times. Lean Gaeltacht UCD le dearadh ábhar bolscaireachta, bróisiúir dá scoil samhraidh, bileoigíní faoina scéim scoláireachta agus ábhair bolscaireachta dá cúrsaí teanga ar champas. Taispeánadh iad go léir ar shuíomh gréasáin Ghaeltacht UCD, ar ríomhscáileáin agus rinneadh iad a roinnt ar mheáin shóisialta Ghaeltacht UCD, X, Mastodon, Facebook, LinkedIn agus Instagram.

Gréasán Gaeilge na hEarnála Poiblí: greasangaeilge.ie

Chomh maith le bunú Greasán na Gaeilge in Iúil, 2024, sheol an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, i gcomhar le Foras na Gaeilge agus Oireachtas na Gaeilge Gréasán Gaeilge na hEarnála Poiblí, an chéad líonra Gaeilge don tseirbhís phoiblí. In 2024-'25 d'eagraigh an líonra roinnt imeachtaí sóisialta do Ghaeilgeoirí go náisiúnta agus bhí ionadaíocht ag Gaeltacht UCD acu. Chuir roinnt alumnas de chuid Ghaeltacht UCD siamsaíocht ar fáil ag na himeachtaí céanna.

Suíomh Gréasáin Ghaeltacht UCD: www.ucd.ie/irish

Tarraingítear aird ar thionscadail an Ionaí ar shuíomh gréasáin Ghaeltacht UCD agus déantar eolas níos inrochtana dóibh siúd laistigh de agus taobh amuigh de



Scoláirí Ghaeltacht UCD ag Lá Oscailte UCD 2024



Uachtarán UCD An tOllamh Orla Feely le scoláirí Ghaeltacht UCD Leon Ó Broin agus Cormac Ó Dubhláine, a bhí mar aíonna ag imeacht a d-óstáil an tUachtarán le ceiliúradh a dhéanamh ar ionchur na mac léinn UCD san Ollscoil, Aibreán '25

phobal UCD. Is suíomh dátheangach é an suíomh gréasáin a ligeann d'úsáideoirí bogadh gan stró ó Ghaeilge go Béarla agus Béarla go Gaeilge ar gach leathanach. Tá clárú le haghaidh cúrsaí teanga, gníomhaíochtaí cultúrtha agus scoláireachtaí á n-óstáil ar an suíomh gréasáin trí chórais UCD Infohub, agus luadh an rochtaineacht éasca in aiseolas ó rannpháirtithe scoil samhraidh an Lárionaid 2025. Déanann an t-Ionad uasdátú go fóill ar a roinn ar riachtanais reachtacha, agus cuireann siad leis na tacaíochtaí atá ar fáil do phobal na hollscoile.

Meáin Shóisialta

Tá Gaeltacht UCD gníomhach ar ardán digiteach aonair na hollscoile Workvivo, agus cuireann sé a n-imeachtaí chun cinn ar réimse meán sóisialta Instagram #ucdgaeltacht (2,716 leantóir), X @ucdgaeltacht (3,542 leantóir), Facebook @ucdgaeltacht (2,100 leantóir), Mastodon @gaeltachtucd (98 leantóir), LinkedIn.com/company/gaeltacht (756 leantóir) ina measc. Cuireann an rannpháirtíocht sin le hinfeictheacht na teanga, cuireann sí tionscnaimh Ghaeilge na hOllscoile chun cinn, agus cruthaíonn sí nasc léi agus le pobal náisiúnta agus pobal domhanda na Gaeilge. Léirigh sé chomh maith go raibh sé éifeachtach go leor le feasacht a chruthú i measc mic léinn ionchais, ag díriú aird ar imeachtaí trí ríleanna Instagram a chruthaigh pobal na mac léinn Gaeilge ar champas.

Urraíocht


Lean Gaeltacht UCD le tacaíocht a thabhairt d'úsáid na teanga ag scoileanna, ionaid, aonaid, cumainn agus clubanna mhic léinn UCD. Thacaigh an Lárionad le rannpháirtíocht a mac léinn i litríocht agus iriseoireacht lena urraíocht ar Dhuaiséanna Liteartha an Oireachtais (an gradam náisiúnta sa rannóg iriseoireachta dóibh siúd faoi bhun -19 mbliana d'aois), lena n-áirítear na gradaim is déanaí i mí na Samhna 2024. Chomh maith leis sin, chuir sé tacaíocht aistriúcháin agus profála ar fáil d'iriseoirí, blagálaithe agus fisbhlagálaithe Gaeilge UCD ar mhic léinn iad.

Na Meáin Ghaeilge

Bhí Gaeltacht UCD i bhfoilseacháin in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe (The Irish Post) chomh maith agus trí na meáin dhigiteacha ar fud an domhain. Labhair fostaithe

an Ionaí leis na meáin Ghaeilge: Raidió na Gaeltachta, Raidió Fáilte agus Raidió na Life le linn na bliana. Cuireadh agallamh ar mhic léinn an Lárionaid agus a rannpháirtithe sa scoil samhraidh chomh maith. I measc na gclár, bhí Painéal an Luain agus An Saol ó Dheas ar Raidió na Gaeltachta, Fios Feasa agus Fad is Fairsing ar Raidió na Life. Tugadh deis aird a tharraingt ar obair an Lárionaid agus ar thionscnaimh ábhartha eile de chuid na hOllscoile atá dírithe ar an bpobal Gaeilge trí chéile, trí agallaimh agus trí rannpháirtíocht i bpléghrúpaí.

Contaetha dúchais Iarratasóirí Scéim Chónaithe UCD 2024-'25



Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta, Fréamh Éireannach, Raon Domhanda

Bíonn tóir ar ghníomhaíochtaí Ghaeltacht UCD ag mic léinn ar cuairt, ag mic léinn mhalairte agus ag fostaithe idirnáisiúnta. Tháinig níos mó ná leath de na clárúcháin uilig le haghaidh cúrsaí teanga agus ceardlanna cultúrtha an Lárionaid 2023-'24 ó rannpháirtithe a shamhlaigh iad féin le tír nó le réigiún taobh amuigh d'oileán na hÉireann. In 2024-'25 lean foireann Ghaeltacht UCD le sainchúrsaí a chur ar fáil do ghrúpaí ar cuairt, thacaigh siad le himeachtaí idirnáisiúnta laistigh den Ollscoil agus bhí ionadaíocht déanta ar a son ar choiste líonra ilchultúrtha UCD (MENU). Tharraing an t-Ionad Gaeilgeoirí ó gach cearn den domhan chuig a Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta agus d'oibrigh sé le páirtneirí sna líonraí Eorpach agus domhanda UCD. Is rud suntasach é go traidisiúnta don Ionad an caidreamh idir Ghaeltacht UCD agus cainteoirí teangacha Ceilteacha eile, Gàidhlig na hAlban agus Breatnais go háirithe. In 2025 neartaigh Oifigeach Pleanála Teanga an caidreamh seo níos doimhne, agus rinne sé ionadaíocht ar son an Ionaid ag ceiliúradh Gaeilge-Breatnais "Plé Naomh Pádraig & Naomh Dáibhéid", in larsmalann Litríochta na hÉireann i ndiaidh cuireadh a fháil ó Choláiste na hEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD (Eanáir '25) agus an plé Gaeilge - Gàidhlig na hAlban 'Ceangal' in Ollscoil Obar Dheathain i ndiaidh cuireadh a fháil ó Údaras na Gaeltachta, Meitheamh '25.



Scoil Samhraidh Ghaeltacht UCD 2025 / Gaeltacht UCD Summer School

Tugann Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta bliantúil Ghaeltacht UCD deis uathúil don phobal Gaeilge náisiúnta agus idirnáisiúnta a bheith rannpháirteach san Ollscoil. Tá an scoil aon tseachtain sin, a bunaíodh den chéad uair in 2017, tar éis grúpa éagsúil d'fhoghlaimeoirí a mhealladh, agus tá roinnt acu tar éis fillleadh don 6ú agus don 7ú bliain as a chéile.

Chuir Gaeltacht UCD fáilte roimh 84 rannpháirtí chuig scoil 2025 (16-20 Meitheamh '25), ina raibh cainteoirí agus foghlaimeoirí ó UCD (mic léinn agus baill foirne), agus ó chontaetha ar fud na hÉireann, ón Eoraip, Meiriceá Thuaidh, SAM agus an Nua-Shéalainn. Bhí dul chun cinn le feiceáil i scoil 2025 sna naisc idir diaspóra na hÉireann i Sasana, idir Éireannaigh den chéad ghlúin agus Éireannaigh den dara glúin, agus go háirithe le baill de ghrúpaí Gaeilge i Londain agus in Birmingham Tháinig 20 foghlaimeoir atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe a d'fhreastail air in 2024 ar ais arís in 2025. Bhí áthas ar leith ar Ghaeltacht UCD fáilte a chur roimh mhic léinn ó Ollscoil Princeton, USA don chéad uair, chomh maith le halumnais UCD agus le han-chuid comharsan, rannpháirtithe ó chónagar UCD i ndeisceart Bhaile Átha Cliath.

Chuir scoil 2025 ranganna Gaeilge ar fáil ag 5 leibhéal le formhór na bhfoghlaimeoirí ag leibhéal B1, B2, agus ardleibhéal. Cuireadh na ranganna ar siúl gach maidin agus eagraíodh iad i gcomhar leis an eagraíocht Gaelchultúr.

Cuireadh léachtaí ar fáil gach tráthnóna agus i measc na n-aoileachtóirí bhí baill foirne na nDámh UCD; An tOllamh Comhlach Ríona Nic Congáil UCD, an tOllamh Paul Rouse UCD, an tOllamh Comhlach Sorcha de Brún, Ollscoil Luimnigh, John Prendergast, Gaeltacht UCD, Liam Ó Maoladha, Oireachtas na Gaeilge agus Caoimhe Ní Mhaolagáin, TG4. I measc na n-aíonna a thug ceardlanna cultúrtha bhí an ceoltóir agus scéalaí Ray Mac Mánaís, agus na ceoltóirí Micheál Fitzgibbon agus Séamus Ong ó Na Píobairí Uilleann. Bhain na rannpháirtithe sult as thurais treoraithe trí mheán na Gaeilge agus as Béarla ar Bhallaí Bhaile Átha Cliath, ghlac siad páirt i siúlóid stairiúil ó Dhún Richmond Bhaile Átha Cliath go Príosún Chill Mhaighneann agus ghlac cuid acu páirt i dturas treoraithe ar an Leabharlann Náisiúnta. D'eagraigh Gaeltacht UCD tráth na gceist boird as Gaeilge i lár na cathrach agus ina dhiaidh bhí deis ag rannpháirtithe bualadh le Gaeilgeoirí eile ón mórphobal Gaeilge ag Tob-Ghaeltacht. Bhí aiseolas ó na suirbhéanna 2025 a bhí tugtha amach an-dearfach.

Tá Gaeltacht UCD an-bhuíoch as comhoibriú a comhghleacaithe in UCD ar fud na Cruinne, Alumnais UCD, agus na meáin Ghaeilge as an imeacht sin a fhógairt, agus táthar buíoch freisin de na comhghleacaithe i Scoil Ghnó Lochlann Uí Choinn UCD, i Scoil Dlí Sutherland UCD, i Sráidbhaile UCD, in Eastáit UCD, i gClub na hOllscoile UCD agus Samhradh in UCD a chuidigh le hoibríochtaí, fáilteachas agus lóistín, seirbhísí a chuir go mór le rathúlacht an chláir in 2025.

Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta na Gaeilge 2025

Cad é a deir ár rannpháirtithe:

Bhí mé an-neirbhíseach ag teacht chuig an scoil samhraidh mar thosaitheoir ó thír eile, ach bhí mé ar mo shuaimhneas láithreacha nuair a cuireadh fearadh na fáilte romham. Ní hamháin go bhfuil an clár seo thar barr agus tú ag foghlaim teanga, ach chomh maith leis sin bíonn deis agat am iontach a bheith agat i measc daoine iontacha ó gach cearn den domhan. Tá an clár seo ar fheabhas.

Kailee Owen, Ceanada

Cúrsa Gaeltachta iontach agus proifisiúnta le foireann/múinteoirí fáilteacha agus a raibh réimse léachtaí agus ceardlanna móra agus sofaisticiúla ann ar champas galánta. Seachtain iontach!

Patrick O'Donnell, SAM

D'aithin mé láithreach, ag sroicheadh UCD, cé chomh fáilteach agus a bhí gach duine. Ón teagmháil shoiléir roimh ré go dtí na múinteoirí cairdiúla spreagúla, daoine nach raibh ní hamháin eolach ach go hiomlán tugtha don Ghaeilge agus do chultúr na hÉireann - bhí gach aire tugtha den eagar. Gach lá bhí ranganna ar maidin, leachtaí an-suimiúla san iarnóin agus ceardlanna cultúrtha san oíche ag tabhairt eispéireas saibhir agus leathan ar an nGaeilge agus an ar an gcultúr.

Anne-Pauline von der A, An Ísiltír

Níl a leithéad ar fáil ar fud na cruinne!

Mairéad Ní Fhinn, Éire

Ba deis iontach dom mar thosaitheoir a bheith i dtimpeallacht acadúil. Mar dhuine atá ag foghlaim na teanga sa phobal in Éirinn, ba rud tábhachtach é an nasc idirnáisiúnta san Ollscoil; Thuig mé go dtagaim ó chomhthéacs difriúil maidir leis an teanga.

Gilmar Barbaosa Souza, An Bhrasail

Tá an Ghaeltacht in UCD ar fheabhas, tá sé eagraithe go maith, tá na daoine atá ina bhun iontach cairdiúil agus cuireann siad gach duine san áireamh. Is as tíortha agus cúlaí éagsúla iad na daoine a d'fhreastail ar an gcúrsa, bhí gach rud iontach suimiúil. Rinne mé an bunleibhéal mar bhí dearmad déanta agam ar mo chuid Gaeilge ón Scoil, mhothaigh mé go raibh mé páirteach sa Ghaeltacht, bhí sé spraoiúil.

Ruth McAdams, Éire

Bhain mé an-sult as an eispéireas seo, bhí an fháilte ó chroí a cuireadh roimh gach duine galánta agus gan amhras chuidigh an t-atmaisféar geal galánta atá le sonrú ar fud na timpeallachta go mór leis an bhfoghlaim. Bhí na ranganna thar barr.

Marian Dwyer, An Ríocht Aontaithe

Mhothaigh mé go raibh na leachtaí san iarnóin iontach maith agus bhí ár dtreoraí ar an dturas siúil i lár na cathrach ar fheabhas. Bhí na himeachtaí ceoil/cultúrtha iontach maith chomh maith.

Bridget Delaney, Éire

Mhothaigh mé láithreach go raibh mé i measc cairde; Bhí atmaisféar dearfach spreagúil ann. Mholfainn an cúrsa seo go mór do dhuine ar bith atá ag foghlaim na Gaeilge. Is deis iontach é le snas a chur ar do chuid Gaeilge.

Lorna Johnson, An Nua-Shéalainn

Bhí eispéireas dearfach agam ag an gcéad uair dom seans a fháil freastail ar an scoil samhraidh, múinteoir iontach, ranganna iontacha.

William Gaylord, SAM

Bhí seachtain iontach agam ag an scoil samhraidh teanga. Bhí an cúrsa do thosaitheoirí go hiontach, bhí an luas fóirsteanach, mar sin mhothaigh mé gur thuig mé é agus ní raibh mé fágtha chun deiridh. Bhí áiseanna a chuidigh liom ar fáil dom lena linn. Bhí réimse leathan de thopaicí clúdaithe sna leachtaí, agus bhí na himeachtaí san iarnóin go maith; Thaitin an t-atmaisféar go mór liom. Mholfainn go mór an cúrsa seo do dhuine ar bith atá ag cur tús lena bhfoghlaim agus nach bhfuil a fhios acu cén áit le dul.

Nox McCarthy, An Ríocht Aontaithe

Bhí sé ar cheann de na seachtainí is fearr dá raibh riamh agam. Tá an campas galánta; Tá sé furasta modh iompair a fháil go háit ar bith i mBaile Átha Cliath. Múineadh iontach agus tá na baill foirne iontach cuidiúil. Tiocfaidh mé arís.

Lesley Vavoulas, An Ríocht Aontaithe

Thaitin mo chéad chúirt ar UCD go mór liom. Thug mé cuairt ar an nGaeltacht in Ulaidh, i gCorca Dhuibhne, agus san Rinn, Port Láirge. Mhothaigh mé go raibh an cúrsa seo ar fheabhas agus dian. Ba bhreá liom teacht ar ais.

Laurance Dowd, An Ríocht Aontaithe



An tOllamh Orla Feely Uachtarán UCD agus an tOllamh Dolores O'Riordan, Leas Uachtarán um Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD & Cathaoirleach UNA Europa le hionadaithe UCD ag Comhthionól Ginearálta na Samhna de chuid UNA Europa in Bologna, An Iodáil,



Gaeltacht UCD/UNA Europa

www.ucd.ie/irish/en/global/gaeltachtucdunaeuropa/

In 2024 ghlac Gaeltacht UCD ballraíocht ghníomhach in UNA Europa, comhaontas de 11 príomhollscoileanna um Thaighde Eorpach ina bhfuil UCD mar bhall. D'óstáil UCD ar fud na Cruinne Tionól Samhna an UNA Europa in 2023 agus bhí Leas Uachtarán Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD an tOllamh Dolores O'Riordan ina cathaoirleach ar an gcomhaontas in 2024. Tá 10 dteanga Eorpach in úsáid go príomha in UNA Europa agus is iomaí teanga eile a labhraíonn a 500,000 mac léinn agus ball foirne.

In 2024-2025 bhí ionadaíocht ag Gaeltacht UCD ar Ghrúpa Oibre Ionaid um Stiúrtóirí Teanga UNA Europa in éineacht le hIonad an Bhéarla agus Teangacha Domhanda UCD. Bhuaill Stiúrtóirí Gaeltacht UCD le comhghleacaithe ón Eoraip ar líne le linn na bliana agus i Meán Fómhair 2024 chuir an t-Ionad roinnt réamhsheisiúin Gaeilge ar fáil dá chomhghleacaithe comhaontais le ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Eorpach na dTeangacha. I mí na Samhna '24 bhí ionadaíocht ag an Ionad go pearsanta ag Tionól



An tOllamh Dolores O'Riordan UCD, Cathaoirleach UNA Europa ag Tionól UNA Europa, Zurich, Samhradh 2024

na Samhna 2024: 'An Chumhacht Bhunathraitheach de Rannpháirtíochtaí Idirnáisiúnta' a d-óstáil Alma Mater Studiorum-Università di Bologna, An Iodáil. Tá Gaeltacht UCD an-bhuíoch as an deis caidrimh a chothú lena comhghleacaithe san Eoraip a bhfuil na dúshláin céanna acu i dteagasc agus foghlaim na dteangacha i dtimpeallacht le daoine ó chuid mhór tíortha ar fud an domhain.

Lainseáil Grúpa Oibre Stiúrtóirí Teangacha UNA Europa an Uirlis Tandem UNA Europa Ar líne i mí Iúil 2025, tionscnamh ina raibh páirtneirí UNA Europa KU Leuven i gceannas air. Tugann an uirlis nua deis do mhic léinn agus d'fhostaithe foghlaim agus/nó cur lena gcuid scileanna i gcuid de na teangacha atá in úsáid ar fud an chomhaontais. Is forbairt iontach é do Ghaeltacht UCD mar tugann sé seans do Ghaeilgeoirí a dteanga a roinnt le, agus foghlaim ó fhostaithe Eorpacha/comh-mhic léinn. Tá an t-Ionad ag dúil le ceardlanna a chur ar fáil arís do Lá Eorpach na dTeangacha 2025 agus le bheith ag comhoibriú lena chomhghleacaithe Eorpacha sa todhchaí.



Foireann Chultúrtha Gaeltacht UCD, Clár Ní Bhuachalla, Jamie Ó Flánúra, Caoimhe Ní Mhaolagáin agus Siobhán Ní Mhaolagáin le mic léinn BDIC agus baill foirne, An tSín 2025.



Ceardlann Spórt



Ceardlann Feadóg Stáin

Gaeltacht UCD/Comhfhiontar Comhcholáistí UCD sa tSín, 2025

Ba mhóir an onóir ag Gaeltacht UCD an Ghaeilge agus an cultúr a bhaineann leis a roinnt le 3 Comhcholáistí UCD na Síne: Coláiste Iompair Idirnáisiúnta Chang'an Baile Átha Cliath (CDIC) in 2019, Coláiste Idirnáisiúnta Eolaíochtaí Beatha & Teicneolaíochta Guangzhou Baile Átha Cliath (GDIC) in 2024 agus le déanaí i gColáiste Idirnáisiúnta Beijing Baile Átha Cliath (BDIC) in Aibreán 2025. Is é aidhm gach cúrsa seachtaine ná deis a thabhairt do mhic léinn atá cláraithe le UCD sa tSín teagmháil a dhéanamh le gnéithe éagsúla den chultúr Gaelach, i gcomhréir le Straitéis Chaidreamh Domhanda UCD, a bhfuil sé mar aidhm aici "an chuid is fearr d'Éirinn, a cultúr san áireamh, a chur i láthair an Domhain". Dearaíodh cúrsa 2025 go príomha do mhic léinn UCD lonnaithe in BDIC agus bhí ceathrar oidí ó fhoireann chultúrtha Gaeltacht UCD páirteach. Mar chuid de bhí lománaíocht na hÉireann, peil Ghaelach, feadóg stáin na hÉireann, an Ghaeilge, agus damhsa na hÉireann. Bhí cur i láthair, ceadail, taispeántais agus ceardlanna idirghníomhacha mar chuid de. Chuir Gaeltacht UCD, le tacaíocht óna comhghleacaithe BDIC, 12 ceardlann ar fáil le linn chúrsa 2025 ina raibh breis agus 300 mac léinn páirteach go gníomhach ann. Fiú agus maoiniú ón taobh amuigh den tionscnamh HEA faighte ag an dtionscadal, chuidigh an taidhí a fuair Gaeltacht UCD agus iad ag cur tionscnaimh cosúil leis a bhí maoinithe ag HEA ar fáil lena fhorbairt. Ba mhaith le Gaeltacht UCD buíochas a ghabháil leis an Ollamh Paul Fanning, Propast, Comhcholáistí UCD na Síne, agus a fhoireann i ndiaidh dóibh cur i bhfeidhm an chúrsa seo a éascú le blianta beaga anuas.



Ceardlann Damhsa

Rannpháirtíocht UCD ar Fud na Cruinne

Tá Gaeltacht UCD anois faoi réimse Chaidreamh Domhanda UCD, faoi stiúir Leas-Uachtarán UCD do Chaidreamh Domhanda, an tOllamh Dolores O’Riordan. Mar chuid de Rannpháirtíocht Dhomhanda tá: Ionad UCD don Bhéarla agus do na Teangacha, Institiúid Confucius UCD, Gaeltacht UCD, Ionad Domhanda UCD don Ghaeilge agus don Chultúr, UCD ar fud na Cruinne, Comhcholáistí UCD sa tSín agus Institiúid na hÉireann um Staidéar Sínise UCD. Cheiliúir an t-Ionad foilsíú ‘Stráitéis UCD um Rannpháirtíocht Dhomhanda 2021-’24, Éachtaí Suntasacha’ i mí an Mheithimh ’25. Bhí áthas ar Ghaeltacht UCD a bheith mar chuid de na héachtaí seo le tacaíocht ón Leas Uachtarán agus a comhghleacaithe ó fhoireann Rannpháirtíocht Dhomhanda.

Foireann Ghaeltacht UCD; Riarthóirí, Teagascóirí, Éascaitheoirí agus Páirtithe

www.ucd.ie/irish/ga/fuinn/

Tá ceathrar ball foirne lánaimseartha mar chuid de Ghaeltacht UCD, an Stiúrthóir, Clár Ní Bhuachalla, Comhordaitheoir Tionscadal na Gaeilge Aislinn Cox, Oifigeach Pleanála Teanga Gaeilge John Prendergast agus Riarthóir Gaeilge Fiachra Ó Coileáin. Tá an post Chomhordaitheoir Tionscadal atá á mhaoiniú ag Maoiniú Tionscnamh Spriocdhírthe Speisialta HEA ó bunaíodh é, fiorthábhachtach i gcur chun feidhme gach tionscnamh agus chinntigh sé go raibh ardchaighdeán cur chun feidhme agus leanúnachais ann. Bhunaigh an Ollscoil post Oifigeach Pleanála Teanga agus Riarthóir Gaeilge in 2024 le héascaíocht a dhéanamh do UCD reachtaíocht a chomhlíonadh, Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021. Chuir na poist bhreise seo agus an obair a rinne an comhchoiste, Coiste Acht na dTeangacha (féach tionscadal 3.) go mór le rath thionscnaimh 2024-’25 de chuid Ghaeltacht UCD. Chomh maith leis an gceathrar ball foirne lánaimseartha, chuir 14 teagascóir Gaeilge páirtaimseartha, roinnt aoi-éascaitheoirí agus ealaíontóirí cumasacha, cuid acu a bhí ina mbaill dá foireann cultúrtha idirnáisiúnta, chuir siad tionscadail Ghaeltacht UCD ar fáil. Thacaigh eagraíochtaí agus comhghleacaithe sa phobal Gaeilge seachtrach go mór le tionscnaimh an lonaid, go háirithe a scoil samhraidh, a scéim chónaithe agus a cúrsaí teanga.



Bord Tacaíochta Gaeilge UCD

www.ucd.ie/irish/ga/fuinn/bordtacaiochtagaeilge/

Tugann Gaeltacht UCD tuairisc do Bhord Tacaíochta Gaeilge UCD, Bord Gaeilge UCD. Is é aidhm an Bhoird comhairle a chur ar Údarás Rialaithe UCD faoi úsáid na Gaeilge laistigh den Ollscoil. I measc bhaill an bhoird in 2024-’25, tá ionadaithe ó gach Coláiste in UCD chomh maith le stiúrthóir Ghaeltacht UCD, Aontas na Mac Léinn UCD, Cumann Gaelach UCD, alumnais Ghaeltacht UCD agus ionadaí ón mórfhobal Gaeilge. Is féidir an bhallraíocht reatha a fheiceáil ag an nasc thuas. Bhí an tOllamh Iarfhlaith Watson ó Choláiste na nEolaíochtaí Sóisialta UCD mar chathaoirleach ar an mbord agus bhí cruinnithe ar siúl ar an 5 Feabhra agus 7 Bealtaine 2025 agus labhair Stiúrthóir Ghaeltacht UCD faoi gníomhaíocht an lonaid. Le linn na bliana chuidigh roinnt de bhaill an Bhoird go díreach le clár bholscaireachta teanga de chuid Ghaeltacht UCD, trí háit a ghlacadh go deonach ar bhoird scoláireachtaí mhic léinn agus/nó trí fhreastail ar imeachtaí. Tá Gaeltacht UCD an-bhuíoch don bhall boird atá ag fágáil, an tOllamh Máire Ní Chiosáin, a chuaigh ar scor ó UCD le déanaí, as an gcuidiú iontach a thug sí don chlár Scéim Chónaithe Mhic Léinn le Gaeilge thar chuid mhaith blianta.




Údarás Rialaithe UCD

Is mór é meas Ghaeltacht UCD ar thacaíocht Uachtarán UCD, an tOllamh Orla Feely agus Údarás Rialaithe na hOllscoile (GA), agus tugann sé tuairisc faoina chuid tionscadal dó go bliantúil. Ar 24 Deireadh Fómhair 2024 fuair Stiúrthóir Ghaeltacht UCD agus Cathaoirleach Bhord Tacaíochta Gaeilge UCD cuireadh cur i láthair a dhéanamh ar thuairisc 2023-2024 Ghaeltacht UCD don Údarás Rialaithe in oifigí Ollscoil Náisiúnta na hÉireann. Tá Foireann Bainistíochta UCD (UMT) agus a Údarás Rialaithe go mór chun tosaigh ag déanamh cinnte go bhfuil an ollscoil ag comhlíonadh riachtanais reachtaíochta na Gaeilge agus ag an am céanna ag leanúint le tacaíocht a thabhairt do chur chun cinn na teanga trí thionscnaimh HEA atá leagtha amach sa tuairisc seo. Tá Gaeltacht UCD ag dúil le tacaíocht a thabhairt don Uachtarán agus d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile i seachadadh Stráitéis 2030 UCD.

Mar Fhocal Scoir

Ba bhliain le ceangal, comhluadar agus cruthaitheacht í 2024-'25. Roinn Gaeltacht UCD an Ghaeilge agus a cultúr trí réimse imeachtaí a chur ar fáil a thógann ar éachtaí atá thart agus a thugann aghaidh ar thosaíochtaí atá ag forbairt. Le tacaíocht ó Chiste Thionscnaimh Spriocdhírithé an HEA, chuir an t-Ionad seribhísí ar ardchaighdeán ar fáil do Ghaeilgeoirí agus d'fhoghlaimgeoirí ar champas, chuaigh siad i dteagmháil le pobal náisiúnta na Gaeilge go réamhghníomhach agus ghlac siad le deiseanna le cur lena réimse domhanda.

Chothaigh Scéim Chónaithe na Mac Léinn de chuid Ghaeltacht UCD muintearas agus chruthaigh sé timpeallacht trínar cothaíodh nuálaíocht na mac léinn. Tháinig cohórt éagsúil rannpháirtí chuig Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta 2025 agus leanann siad le caidreamh buan a thógáil le UCD, ag teacht ar ais bliain i ndiaidh bliana. Chuidigh an infhéistíocht a rinne UCD in áiseanna an Ionaid in 2024 leo lena seirbhísí a leathnú agus léirigh sé tiomantas na hOllscoile don Gaeilge go náisiúnta. Chuir forbairt sheirbhís aistriúcháin agus comhairle an Ionaid agus a chomhoibriú le páirtithe leasmhara inmheánacha agus sheachtracha go mór le leibhéal feasachta teanga agus chinntigh sé go raibh UCD ag comhlíonadh rialachán faoi Alt 10A d' Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasaithe) 2021. Bhí forbairt leanúnach ar chúrsaí Gaeilge Ghaeltacht UCD do mhic léinn agus d'fhostaithe ag teacht le spriocanna an Rialtais ar líon na nGaeilgeoirí san earnáil phoiblí agus



le tiomantas UCD le foghlaim fad saoil. is mór ag pobal idirnáisiúnta na hOllscoile an deis a bheith páirteach in oidhreacht shaibhir na teanga agus an chultúir in Éirinn; neartaigh na tionscnaimh rannpháirtíocht agus d'ardaigh sé próifíl domhanda UCD.

Chomh maith le héachtaí suntasacha a baineadh amach in 2024-'25, tá Gaeltacht UCD in áit mhaith le cur le Stráitéis 2025 - 2030 UCD, Briseadh Teorainneacha a bhaint amach; tá siad ag dúil leis an bhliain atá le teacht.

Roinneann an Píobaire Micheál Fitzgibbon ó Na Píobairí Uilleann a chuid eolais le scoláirí ó Ollscoil Princeton ag Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta na Gaeilge ag Gaeltacht UCD 2025.

